Polasaí maidir le hÚsáid Substaintí *Substance Abuse Policy*

Réimse an Pholasaí *Scope of Policy*

Baineann an polasaí seo le mic léinn, múinteoirí, tuismitheoirí agus úsáideoirí láthair na scoile. Baineann sí le h-am scoile (sosanna san áireamh) mar aon le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an scoil. Baineann sé freisin le gach imeacht/ócáid a bhíonn ar siúl sa scoil taobh amuigh d'am scoile.

This policy applies to students, teachers, parents and users of the school building. It applies during school time (including break times) and to all school related activities. It also applies to all other events/occasions when the School is in use.

Ráiteas Réamhráiteach agus Réasúnach *Introductory Statement and Rationale*

Ghlac foireann Ghaelscoil an Chuilinn leis an gcinneadh gur chóir polasaí úsáid substaintí a dhréachtadh i ndiaidh na pointí seo a leanas a thabhairt san áireamh.

- Is beartas Rialtais anois an Straitéis Náisiúnta Drugaí 'Ag Tógáil ar an Taithí' agus cuireann sé ar scoileanna beartas um úsáid substaintí a chur i bhfeidhm.
- Léiríonn an tuarascáil ón gCoiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí dar teideal 'Cosc ar Úsáid Dhrugaí' an tábhacht a bhaineann le polasaithe drugaí a fhorbairt i scoileanna.
- Chun comhthuiscint ar an téarma 'drugaí' a fhorbairt agus sár mhíniú a dhéanamh ar stádas aontaithe na scoile i dtaca le ceisteanna ag baint le drugaí.
- Chun cuidiú le scoileanna déileáil le fadhbanna a bhaineann le mí-úsáid substaintí ar an mbealach ceart, agus i gcomhréir leis na freagrachtaí reachtúla.
- Chun cabhrú le múinteoirí sa seomra ranga.

The decision was taken by the Teaching Staff of Gaelscoil an Chuilinn to draw up a substance use policy after considering the following:-

- ***The National Drugs Strategy, 'Building on Experience', is now Government Policy and it requires schools to have a drugs policy in place (Action 43).***
- ***The report from the National Advisory Committee on Drugs entitled 'Drug Use Prevention' underlines the importance of schools developing drugs policies.***

- ***To develop a shared understanding of the term 'drugs' and to define the***
- ***Schools' agreed position in relation to drug related issues.***
- ***To equip schools to deal with issues relating to substance misuse in a planned and considered way and in accordance with their statutory responsibilities.***
- ***To assist teachers in their classroom experience.***

Aidhmeann le Cur i bhfeidhm an Pholasaí ***Aims of Policy Implementation***

- ✓ Chun beatha, cúram agus aire gach duine óg a chinntiú mar atá leagtha síos san Acht Oideachais 1998 agus san Acht (Leasa) Oideachais, 2000.
- ✓ Le chinntiú go gcloítear le riachtanais reachtaíochta agus prionsabail dea-chleachtas.
- ✓ Le cur leis an gclár OSPS ó thaobh oideachais agus cosantachta de.
- ✓ Go laghdófar ar chontúirtí a dhéantar do pháistí trí húsáid substaintí agus iad siúd a húsáideann taobh istigh de scoileanna/comhphobail.
- ✓ Chun maoirseacht chuí a dhéanamh ar eachtraí a bhaineann le húsáid drugaí
- ✓ Chun tacú le tuismitheoirí agus daltaí deighleáil le húsáid drugaí.

- ✓ ***To ensure the welfare, care and protection of every young person as provided for in the Education Act, 1998 and the Education (Welfare) Act, 2000.***
- ✓ ***To ensure that the school complies with legislative requirements and principles of good practice.***
- ✓ ***To make a contribution, in the area of education and prevention through the SPHE programme.***
- ✓ ***To minimize the dangers caused to children by drug misuse and drug users within schools/communities.***
- ✓ ***To manage drug related incidents in a planned manner.***
- ✓ ***To support parents and pupils in addressing drug misuse.***

Fealsúnacht na Scoile ***School Philosophy***

Timpeallacht shuaimhneach a chruthú ina ndéanfar cúram d'fhorbairt intleachtúil, fhisiciúil, shóisialta, mhothúchánach agus spioradálta an pháiste. An Ghaeilge mar theanga a bheith lárnach sa phróiseas foghlama, mar theanga teagaisc agus mar mheán cumarsáide. Béim faoi leith a chur ar an gcultúr Gaelach. Na páistí a spreagadh ina threo seo taobh istigh agus taobh amuigh den scoil. Dearcadh dearfach i leith na foghlama a chothú sna daltaí agus a chur ar a gcumas foghlaim neamhspléach a dhéanamh. Atmaisféar a chothú sa scoil a spreagann an dalta a bheith neamhspléach, caoinfhulangach, cineálta, muiníneach agus comhoibritheach. An creideamh Caitliceach agus Protastúnach a mhúineadh agus a chur ar fáil mar threoir mhorálta sa scoil. Rannpháirtíocht na dtuismitheoirí i gcomhoideachas na bpáistí a spreagadh, trí deiseanna a thabhairt dóibh a bheith lánpháirteach i gcur chun cinn agus i bhforbairt na scoile trí Chumann na dtuismitheoirí agus an Bord Bainistíochta. An freastal céanna a dhéanamh ar phobal uile na scoile (daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí) i ngach gnéith de shaol na scoile.

In Gaelscoil an Chuilinn we strive to create a positive learning environment in which due regard is paid to the intellectual, physical, social, emotional and spiritual development of the child. Where the Irish language is central not only to the learning process, as the language of instruction but also as the language of communication amongst teachers, children, management and parents/guardians (where possible). Special emphasis being placed on all aspects of Irish Culture thus encouraging pupils to partake in cultural activities both inside and outside of schools. To instill in the pupils a positive attitude towards learning thus enabling them to learn independently. Creating an atmosphere in the school that encourages the pupils to be independent, tolerant, kind, confident and co-operative. Teaching both Catholic and Protestant religions and using their teachings as a source of moral guidance in the school. Parents are seen as partners in the mutual education of their children and are encouraged to become involved in the development of the school through the Parent's Association and the Board of Management. Each and everyone involved with the school (pupils, teachers, parents) shall be treated equally in every aspect of school life.

Fís Scoile ***School Vision***

Forálann an tAcht Oideachais 1998 go mba chóir do scoileanna forbairt shóisialta agus phearsanta mic léinn a chur chun cinn agus oideachas sláinte a chur ar fáil dóibh. I dtaca le seo creidtear go bhfuil ról ag an scoil cuidiú le na daltaí a bheith feasach faoi smacht agus freagracht a ghlacadh ar a gcuid sláinte féin. Déanfar iarracht ar son leasa an pháiste:

- Go gcuirfear timpeallacht, sábháilte, sláintiúil ar fáil
- Go spreagfar iompar dearfach, sláintiúil i gcónaí.
- Go méadófar ar a n-eolais ar shláinte
- Go ndéanfar forbairt ar féin-mhuinín agus féin-mheas na daltaí.
- Go ndéanfar forbairt ar scileanna maithe idirphearsanta
- Go gcuirfear béim ar éisteacht ionas go mbeidh na daltaí in ann éisteacht go haireach agus go tuisceanach
- Cúram cuí a dhéanamh de gach gné den churaclam : na Teangacha, an Ghaeilge agus an Béarla; Matamaitic; Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta; Oideachas Ealaíon; Corpoideachas; Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte; agus Oideachas Reiligiúnach.
- Go lorgófar ardchaighdeán iompair. Go ndéanfar cinnte de go mbeidh an dalta i gcónaí séimh agus béasach le daltaí eile, le múinteoirí eile agus le cuairteoirí, ionas go mbeidh atmaisféar deas comhoibritheach sa scoil. (féach cód smachta)
- Go mbainfidh na daltaí amach an caighdeán is airde de réir a gcumais féin.
- Suímh a chruthú inar féidir leis na daltaí iad féin a chur in iúl i meáin dhifriúla – mar shampla ceol, ealaín, spórt, rince, drámaíocht srl.

The school sees itself as having a role in the process of enabling students to increase control over and improve their health. We endeavour to promote the well being of students by:

- ***Providing a safe secure healthy environment.***
- ***Promoting positive health behaviours.***
- ***Increasing knowledge about health.***
- ***Developing self-confidence and self esteem in the pupils.***

- *Developing good interpersonal skills.*
- • *Developing good listening skills, enabling the pupils to listen attentively and with consideration.*
- *Paying due regard to the development of each area of the curriculum: the languages, Irish and English; Mathematics; Social, Environmental and Scientific Education; Art Education; Physical Education; Social, Personal and Health Education; and Religious Education*
- *Demanding a high standard of behaviour. Ensuring that pupils are kind, considerate and well mannered at all times to other pupils, teachers and visitors, so that there will be a positive atmosphere of co-operation in the school. (see code of behaviour)*
- *Ensuring that the pupils attain the highest standard according to their ability.*
- *Creating an environment in which the pupils can express themselves through different media – for example music, art, sport, dance, drama etc.*

Sainmhiniú ar céard is 'Druga' ann *Definition of a Drug*
Is é is druga ann, ceimiceán ar bith a athraíonn an chaoi a n-oibríonn an corp agus conas mar a iompraíonn an duine í/é féin mar aon lena chuid m(h)othúcháin. Sa pholasaí seo tá muid imníoch faoi dhrugaí a bhfuil an tionchar acu mothúcháin an duine a athrú agus an dóigh a ndearcann siad ar nithe agus drugaí a d'fhéadfadh duine a chur i gcontúirt go fisiciúil nó ó thaobh na síceolaíochta de.

A drug can be defined as a chemical which causes changes in the way the human body functions mentally, physically or emotionally. For the purpose of this policy we are concerned with drugs which have the power to change a previous mood and the way a person thinks about things and drugs of which the taker may become physically or more often psychologically dependent.

Soláthar Reatha *Current Provision*
Tá oideachas faoi alcól, tobac agus drugaí á chur ar fáil sa scoil, faoi láthair, trí OSPS (Oideachas Shóisialta, Pearsanta agus Sláinte) Na cláracha atá i gceist ná:-

- An Clár Misneach
- Beo go Deo
- Bí sábháilte
- Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta
- Tacaíocht i bhfoirm cabhair agus cainteanna ó Ghardaí áitiúla

Provision is currently made in the school for alcohol, tobacco and drug education through SPHE (Social Personal & Health Education). Specific Programmes include:

- *The 'Walk Tall' programme*
- *The 'Alive-O' programme*
- *The 'Be Safe' programme*

- ***Relationship and Sexuality Education***
- ***Talks and support from local Gardaí***

Aidhmeanna an Pholasaí ***Aims of Policy***

- ✓ Go mbeadh an páiste muiníneach ann féin agus go mbeadh meas dearfach aige air féin.
- ✓ Go mbeadh an páiste ag cothú freagracht pearsanta.
- ✓ Go mbeadh an páiste ag cothú tuiscint conas maireachtáil ar shlí shláintiúil, ag foghlaim iompar sláintiúil agus ag múscailt suim i ngníomhaíochtaí a chothaíonn sláinte an duine.
- ✓ Go mbeadh an páiste ag cothú tuiscint ar chonas é féin a choimeád sábháilte agus cumas chun é féin a chosaint ó bhaol agus mí-úsáid.
- ✓ Cinntí a dhéanamh, fadhbanna a réiteach agus gníomhaíochtaí cuí a ghlacadh i gcomhthéacsanna pearsanta, sóisialta agus sláinte éagsúla.
- ✓ éirí feasach ar, agus géarchúiseach faoi, na tionchair éagsúla ar roghanna agus cinntí.

The child should be enabled to:

- ✓ ***be self-confident and have a positive sense of self-esteem.***
- ✓ ***develop a sense of personal responsibility.***
- ✓ ***develop an understanding of healthy living, an ability to implement healthy behaviour and a willingness to participate in activities that promote and sustain health.***
- ✓ ***develop a sense of safety and an ability to protect himself/herself from danger and abuse.***
- ✓ ***make decisions, solve problems and take appropriate actions in various personal, social and health contexts.***
- ✓ ***become aware of, and discerning about, the various influences on choices and decisions.***

Cur i bhfeidhm an Pholasaí ***Implementation of the Policy***

Beidh an Polasaí ar fáil don Bhord Bainistíochta, Tuismitheoirí, Múinteoirí agus Baill foirne eile. Is féidir cóip chrua a fháil ach é a iarraidh ar Rúnaí na scoile nó is féidir an polasaí a léamh ar shuíomh ghréasáin na scoile www.gaelscoilanchuilinn.ie - i rannóg na bpolasaithe scoile.
Clárófar an páiste nuair a ghlactar leis an bpolasaí seo agus polasaithe eile scoile. Ba mhaith leis an scoil bheith soiléir ar an bpointe go luíonn príomh fhreagracht i dtaobh cosc mhí-úsáid substaintí leis na tuismitheoirí.

The policy will be available to the Board of Management, Parents, Teachers and other staff members. A hard copy may be requested from the school secretary or it may be read or

downloaded from the school's website www.gaelscoilanchuilinn.ie – in the school policies section.
Enrolment in the school is dependent on acceptance by the parents of this and other school policy documents. The school wishes to make clear that the primary role of substance misuse prevention rests with the parents.

Oideachas ag baint le húsáid Substaintí ***Education on substance use***

Glactar leis i measc oideachasóirí gur trí mhúineadh OSPS, sa Churaclam scoile, a thugtar an tuiscint is fearr do dhaltaí faoi alcól, tobac agus drugaí. I nGaelscoil an Chuilinn cuirfear oideachas, faoi alcól, tobac agus drugaí, ar fáil i gcomhthéacs leathan tríd an Clár OSPS taobh istigh d'imshaol tacúil na scoile uile. Ó am go chéile beidh saineolaithe ón gcomhphobal le thabhairt chun na scoile m.sh. tuismitheoirí, altra, garda, oibrí sóisialta, cuiditheoir ón Roinn Oideachais/ Sláinte, nuair is féidir, chun cur leis an obair a dhéantar sa rang. Sa chás seo beidh caint agus obair an cuairteora seo i gcónaí faoi stiúir an múinteoir ranga.

It is accepted amongst educationalists that education about alcohol, tobacco and drugs is best carried out by teachers through the inclusion of SPHE in the curriculum. In Gaelscoil an Chuilinn, education about alcohol, tobacco and drugs will be provided in the broader context of a Social, Personal and Health Education Programme which is delivered in the context of a supportive whole school environment. This SPHE programme will from time to time draw on the expertise available from the community i.e. parents, Health Board and Gardaí. The use of an outside visitor/speaker to enhance the work done in class will always be considered in the context of the SPHE programme and will always be undertaken in the presence of the teacher.

Tobac - Polasaí Scoile ***Smoking – School Policy***

- Níl cead tobac a chaitheamh in áit ar bith ar shuíomh na scoile.
- Níl cead ag daltaí, baill foirne, tuismitheoirí nó cuairteoirí chun na scoile toitíní a chaitheamh ar láthair na scoile nó in áit ar bith ar shuíomh na scoile.
- Níl cead ag daltaí toitíní a thabhairt ar scoil nó iad a iompar nó a láimhseáil.
- Má bhíonn toitíní ag dalta nó má bhíonn siad ag caitheamh sa scoil, ar shuíomh na scoile nó ag imeachtaí eile ar a bhfreastalaimíd mar scoil, cuirfear chuig an príomhoide é/í agus cuirfear an scéal sin in iúl dá t(h)uismitheoirí.
- Mar eiseamláirí iompair do na páistí is gá do mhúinteoirí a chinntiú nach bhfuil toitíní /boscaí toitín le feiceáil ag na páistí in áit ar bith ar shuíomh na scoile. Tuigtear leis seo go bhfuil cosc iomlán ar chaitheamh tobac ag ócáid ar bith scoile ar a mbíonn na daltaí ag freastal.
- Is mar a chéile na rialacha seo do chuairteoirí chun na scoile.

- ***The school is a non smoking area for all.***
- ***Students, staff members, parents or visitors to the school are not permitted to smoke on the school premises or anywhere on the school grounds.***
- ***Students are not permitted to bring cigarettes into school or have them on their person.***
- ***Pupils found smoking or in possession of cigarettes on the premises, on school grounds or at school related events will be reported to the Principal and parents will be informed.***
- ***As role models for the pupils staff members must ensure that cigarettes are not visible in school or on the school grounds. It is understood that smoking is also prohibited at any school related event where pupils are in attendance.***
- ***Visitors must comply with the non smoking policy.***

Alcól - Polasaí Scoile ***Alcohol – School Policy***

- Níl cead ag daltaí alcól a thabhairt isteach sa scoil, alcól a ól ar scoil nó i rith imeachtaí scoile.
- Má cheapann múinteoir go bhfuil alcól glactha ag dalta, inseoidh sé/sí don Phríomhoide ar an bpointe agus socrófar cad ba chóir a dhéanamh ansin.
- Má thagann dalta ar scoil tar éis alcól a ghlacadh, cuirfear glaoch ar a t(h)uistí láithreach chun é/í a thabhairt abhaile.
- Leanfar Cód Smachta i gcásanna go mbristear na rialacha seo.
- Má mhothaíonn ball foirne go bhfuil tuismitheoir faoi thionchar alcóil agus iad ag bailiú páiste, glaofar ar an bpríomhoide chun cinneadh a dhéanamh faoi chúram an pháiste

- ***Pupils will not be allowed to bring alcohol into the school or to consume alcohol in school or during any school activities.***
- ***If a teacher is of the opinion that a student is under the influence of alcohol, she/he will immediately inform the Principal and consult on what action should be taken.***
- ***Where a student comes to school under the influence of alcohol, their parents will be called in to take the student home.***
- ***Students breaking these rules will be dealt with according to the school's code of discipline.***
- ***If a member of staff suspects that a parent/guardian is under the influence of alcohol when collecting a child, the principal must be called to make a decision regarding the care of the child.***

Drugaí Aindleathach agus Tuaslagaithe - Polasaí Scoile
Illicit Drugs and Solvents – School Policy

- Níl cead ag daltaí drugaí aindleathach nó tuaslagaithe, a bheith acu nó a úsáid ar láthair na scoile.
- Má fhaightear drugaí aindleathach nó tuaslagaithe ar láthair na scoile ba chóir iad a chur faoi ghlas in áit sábháilte agus glaoch a chur ar na Gardaí teacht chun fáil réidh leo. Moltar nach mbogfadh múinteoir substaintí aindleathach riamh.
- Má mhothaíonn múinteoir go bhfuil dalta faoi thionchar drugaí nó tuaslagaithe déarfaidh sé/í leis an bPríomhoide láithreach agus pléifear cad é an chéad céim eile dóibh.

- Má bhíonn ceist ar bith faoi thráchtáil drugaí aindleathach, cuirfear an scéal faoi scrúdú. Inseofar do thuismitheoirí faoin dalta atá i gceist. Lorgófar comhairle agus cabhair ó Oifigeach Caidrimh na nÓg sna Gardaí.
- Beidh Bord Bainistíochta na scoile ag súil go n-inseoidh tuismitheoirí don Phríomhoide nó don mhúinteoir má tá amhras orthu go bhfuil a bpáiste ag glacadh drugaí.

- ***Students are forbidden from being in possession of or using illicit drugs or solvents on the school premises.***
- ***Illicit drugs found on school premises will be locked away and the Gardaí contacted to dispose of them. Teachers are advised not to transport illicit substances at any time.***
- ***If a teacher is of the opinion that a student is under the influence of illicit drugs or solvents, she/he will immediately inform the Principal and consult on what action should be taken.***
- ***Where the school suspects trafficking of illicit drugs, an investigation will be carried out. Parents of any student involved will be informed. The advice and assistance of the Garda Juvenile Liaison Officer will be sought.***
- ***The school BOM will expect parents to inform the Principal or teacher if they suspect their child of drug taking.***

Riaradh Leighis - Polasaí Scoile ***Administration of Medicines – School Policy:***

Féach Polasaí Garchabhair agus Leighis/Páistí le fadhbanna sláinte fadtréimhseach.
Please see school policies in relation to first aid and administration of medicines.

Traenáil agus forbairt foirne ***Training and Staff Development***

- Déanfaidh an Bord Bainistíochta a chinntiú go gcuirtear Oiliúint Garchabhrach ar fáil do bhaill foirne ar bhonn rialta.
- Cúrsa in-seirbhíse OSPS le bheith déanta ag gach múinteoir nó clúdaithe mar chuid den chúrsa B.Oid.(An Clár Misneach)
- Gach ball foirne le bheith ar an eolas faoin Acht Mí-Úsáid Drugaí 1977 agus 1984.

- Tuiscint ar an Dlí maidir le scoileanna agus drugaí.

- ***The Board of Management will ensure that staff have First Aid Training on a regular basis.***
- ***All teachers have attended a course on the Substance Misuse Prevention Programme or the course has been covered as part of the B.Ed. (An Clár Misneach).***
- ***Parent education – parents are made aware of their child's participation in the Misneach Programme.***
- ***Awareness of Laws in relation to schools and drugs. Misuse of Drugs Act 1977 & 1984***

An Clár Feidhmiúcháin ***Implementation Programme***

Déanfaidh an polasaí seo breithniú ar chuid de na pointí go léir a leanas tríd an Clár "Misneach" a bheith á húsáid sa scoil.

- Forbairt ar thimpeallacht agus ar chultúr scoile a thaispeánann meas do ghaolta idir pearsanta agus a chuireann luach orthu.
- Ag cabhrú le páistí a luach féin agus luach daoine eile a aithint.
- Ag cabhrú le páistí freagracht a ghlacadh dóibh féin agus do dhaoine eile.
- Ag cur gníomhaíochtaí taitneamhach & sláintiúil ar fáil i dtreo is go leanfaidh na daltaí ar aghaidh leo amach anseo.
- Clár OSPS struchtúrtha ar fáil ina bhfuil cosc ar mhí-úsáid substaintí mar bhunchloch.
- Tacaíocht do pháistí leochaileacha.
- Ag láidriú na nascanna comh-oibriú idir scoil, tuistí agus an pobal ag déileáil le cosc ar mhí-úsáid substaintí.

The policy will involve consideration of some or all of the following through the 'Walk Tall' Programme.

- ***Development of a school climate and culture which values and practises respect in interpersonal relationships.***
- ***Helping children to appreciate their worth and the worth of others.***
- ***Helping children to take responsibilities for themselves and others.***
- ***Paving outlets for creativity and enjoyable pursuits and activities.***
- ***A structured programme of SPHE which has substance misuse prevention as an integral part.***
- ***Support for vulnerable children.***
- ***Strengthening the co-operation between school, parents and the wider community in dealing with substance misuse prevention.***

Is é féin mhuinín an bunchloch de chlár "Misneach" agus déanann na cláracha ranga iarracht féinmhuinín an pháiste a fhorbairt. Tá sé níos éasca do pháiste le hard fhéinmhuinín seasamh i gcoinne deiseanna nó tairiscintí drugaí a mhí-úsáid, rogha ciallmhar a dhéanamh maidir le sábháilteacht pearsanta agus gaolta pearsanta sláintiúla a choimeád beo.

Tosaíonn ábhar a bhaineann go háirithe le úsáid substaintí ag rang a dó sa chlár “Misneach”:

CLÁR MISNEACH

Rang a Dó Mo Chorp:

- Mo Chroí agus Scámhóga
- Mo Inchinn
- Tá gá ag mo chorp le bia
- In iomarca de rud maith
- Tá drugaí an-chumhachtach
- Cén fáth go bhfuil na páistí sin ag fáil instealladh?

Rang a Trí Mo Chorp, cothrom agus míchothrom:

- Cothrom agus mí chothrom
- Cothromaíocht mo chorp
- Cad atá go maith dom?
- Caitheamh tobac
- Ól alcóil

Rang a Ceathair Substaintí:

- Ag mothú aer in ár gcoirp
- Caitheamh tobac- Cad a cheapann tú?
- Nuair a tairiscítear toitín duit
- Ag cothú agus ag briseadh nósanna
- Alcól
- Cad é druga?

Rang a Cúig Ag déanamh cinneadh:

- Saghsanna Cinneadh
- Bealaigh chun teacht ar chinneadh
- Tá an rogha agamsa
- Suíomhanna Contúirteacha
- Alcól- Mar a fheicimid é
- Alcól- Eolas
- Alcólacht agus an chlann

Rang a Sé Caitheamh Tobac:

- An Buidéal deataigh
- Caitheamh Tobac
- Dhéanfaimis rud éigin

Self-esteem is a core theme of the “Walk Tall” Programme and all the class programmes aim to develop the Child’s self-esteem. The child with good self-esteem is better able to resist

opportunities or offers to misuse drugs, make good choices about personal safety and sustain healthy relationships.

The "Walk Tall Programme" substance use issues commence specifically at second class level.

THE WALK TALL PROGRAMME

Rang a 2 My Body:
- ***My Heart and Lungs***
- ***My Brain***
- ***My Body needs Food***
- ***Too much of a good thing***
- ***Drugs are very powerful***
- ***Why are those children having injections?***

Rang a 3 My Body in and out of balance:
- ***On and off balance***
- ***Body balance***
- ***What's good for me?***
- ***Smoking***
- ***Drinking***

Rang a 4 Substances:
- ***Feeling the air in our bodies***
- ***Smoking- What do you think?***
- ***Being offered a cigarette***
- ***Forming and breaking habits***
- ***Alcohol***
- ***What is a drug?***

Rang a 5 Decision Making:
- ***Types of decisions***
- ***Ways of deciding***
- ***I can choose***
- ***Risky situations***
- ***Alcohol- How we see it***
- ***Alcohol- Information***
- ***Alcoholism and the family***

Rang a 6 Smoking:
- ***The smoking bottle***
- ***Smoking***
- ***Let's do something***

Rólanna agus Freagrachtaí ***Roles and Responsibilities***

Cumadh an polasaí seo de bharr riachtanas a leithéid a bheith ar fáil sa scoil maraon le sainmheoin na scoile. Cuireadh le chéile an polasaí le cabhair ó ionadaithe ón mBord Bainistíochta, múinteoirí, agus tuismitheoirí. Beidh sé á chur i bhfeidhm agus á mheas ag na páirtithe thuasluaite freisin.

Is gá go léitear é maraon le Cód Iompair na scoile. Beidh an polasaí seo ar fáil do mhúinteoirí, Bord Bainistíochta, foireann tacaíochta, Coiste na dTuistí agus aon bhall, nó grúpa eile, a mbíonn an scoil ar cíos acu. Foilseofar an polasaí freisin ar shuíomh ghréasáin na scoile www.gaelscoilanchuilinn.ie

Ba mhaith leis an scoil a bheith soiléir ar an bpointe go luíonn príomh fhreagracht i dtaobh cosc mhí-úsáid substaintí leis na tuismitheoirí ach go dtacaímíd leo tré oideachas a chuir ar na páistí ar na bealaí éagsúla atá luaite sa pholasaí seo.

The policy was formulated to support the need for a policy in relation to substance use in line with the overall ethos of the school. This policy was developed in consultation with the representative of the Board of Management, parents and teachers. It will also be implemented and evaluated by these parties.

It should be read with the Code of Behaviour/Discipline policy of Gaelscoil An Chuilinn – An Cód Iompair/Rialacha na scoile.

This policy will be available to teachers, parents, Board of Management, ancillary staff and any other person or group who hire the school. It will also be published on the schools' website www.gaelscoilanchuilinn.ie.

We would like to state clearly at this point that parents have the primary responsibility when it comes to the prevention of misuse of substances but the school will support them by implementing the programmes and strategies mention above.

Critéir Rathúlachta ***Success Criteria***

Beidh a fhios againn má tá an polasaí seo ag dul i bhfeidhm go héifeachtach má:

- bhíonn ullmhúchán, pleanáil agus múinteoireacht na múinteoirí bunaithe ar an bpolasaí seo.
- bhíonn an cur chuige leagtha síos sa pholasaí seo úsáidte go seasta.

Beidh a fhios againn má tá na haidhmeanna bainte amach againn má:

- bhíonn na daltaí in ann a bheith féinmhuiníneach agus ard féinmheas a bheith acu

- bhíonn daltaí ag forbairt freagracht pearsanta
- chothaítear tuiscint sna daltaí ar shlí beatha sláintiúil, cumas iontu tabhairt faoi agus toilteanas iontu a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí a chothaíonn sláinte an duine.
- chothaítear tuiscint ‘sna daltaí ar shábháilteacht, conas iad féin a choimeád sábháilte agus conas iad féin a chosaint ó bhaol.
- • cinntí a dhéanamh, fadhbanna a réiteach agus gníomhartha oiriúnacha éagsúla a thógáil, bíodh siad i gcomhthéacs pearsanta, sóisialta nó sláinte
- éiríonn na daltaí feasach faoi agus géarchúiseach mar gheall ar na tionchair éagsúla ar roghanna agus cinntí.

We will know this policy has been implemented if:

- ***the teachers preparation, planning and teaching is based on this policy.***
- ***the procedures outlined in the policy have been consistently followed.***

We will know it has achieved its aims if the pupils have been enabled to:

- ***be self-confident and have a positive sense of self-esteem***
- ***develop a sense of personal responsibility***
- ***develop and understanding of healthy living, an ability to implement healthy behaviour and a willingness to participate in activities that promote and sustain health***
- ***develop a sense of safety and an ability to protect himself/herself from danger and abuse***
- ***make decisions, solve problems and take appropriate actions in various personal, social and health contexts***
- ***become aware of, and discerning about, the various influences on choices an decisions***

Athbhreithniú ***Review***

Beidh an polasaí seo á mheas go rialta agus á huasdátú de réir mar is gá.
The plans in this policy will be regularly evaluated and updated as the need arises.

Rinneadh an Bord Bainistíochta faomhadh ar an bpolasaí seo ar an 27ú Aibreán 2016
This policy was ratified by the Board of Management on the 27th of April 2016

Sínithe: _____ Dáta: _____
Cathaoirleach